



## LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

# POIST CHLÉIREACHAIS SHEALADACHA SA TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

UAI: 1813502

**Dáta deiridh d'iarratais**  
**3:00i.n. ar an Luan 5 Feabhra 2018**

Déantar an feachtas seo de réir na gCód Cleachtais do Cheapachán i bpoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Tá na cóid seo ar fáil ag: [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie)

Tá an tSeirbhís Phoiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

---

**Sonraí Teagmhála do Dheasc Chabhrach:**  
Teileafón: 01 858 7730

Ríomhphost: [tco2018@publicjobs.ie](mailto:tco2018@publicjobs.ie)

## 1. Tús

Is féidir go mbeadh baill foirne cléireachais shealadacha ag teastáil anois is arís o chomhlachtaí sa tSeirbhís Phoiblí agus sa Státseirbhís agus ó ghníomhaireachtaí áirithe seirbhíse poiblí chun folúntais a líonadh in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) a líonann cuid mhór de na folúntais seo. Chun déileáil leis an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann, cuirfidh PAS tús le próiseas roghnaithe le folúntais a líonadh má tharlaíonn siad in áiteanna áirithe.

Cé gur féidir go dtarlódh folúntais shealadacha ó am go ham ar chúiseanna ar leith, tarlaíonn formhór na bhfolúntas le linn an tsamhraidh. Is féidir go mbeidh difríocht idir théarmaí agus choinníollacha agus idir fhad agus thréimhse na gconarthaí ó phost go post. Bí ar an eolas gur tréimhse 8 seachtaine an gnáth-conradh a bhíonn i gceist.

## 2. AN RÓL

Bíonn dualgais an oifigigh cléireachais ag brath ar an saghas oibre a dhéanann an eagraíocht fostaíochta. Obair cléireachais/riaracháin a thabharfaidh an eagraíocht ó am go ham a bheidh i gceist.

Seo thíos cur síos ar an chineál oibre gur féidir go mbeadh ort a dhéanamh ó am go ham má cheaptar thú.

- Dualgais cléireachais ghinearálta m.sh. comhadú, fótachóipeáil, glaonna teileafóin a dhéanamh agus a fhreagairt, déileáil le ríomhphoist, deasc fáiltithe srl.
- Tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí agus do chomhghleacaithe
- Oibriú mar bhall d'fhoireann maidir le seirbhísí a sholáthar;
- Déileáil leis an phobal/custaiméirí m.sh. freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin agus eolas a thabhairt;
- Ag obair le Teicneolaíocht Eolais e.g. próiseáil focal, scarbhileoga, bunachar sonraí, ríomhphost agus an t-idirlíon;
- Gnáth-obair na gcuntas

I gcásanna áirithe is féidir go mbeadh gá le scileanna speisialtacha ar leith m.sh. cuntas, scileanna teanga srl. Is féidir go roghnófar iarrthóirí oiriúnacha d'fholúntais dá leithéid.

### **Dátaí Tábhachtacha**

**Dáta Dúnta:**

**Nasc don Cheistneoir roimh Déardaoin 8 Feabhra 2018**

**Ní mór an ceistneoir a chomhlíonadh roimh: meán lae ar an 13 Feabhra**

### 3. EOLAS FAOIN IONAD / EOLAS GINEARÁLTA

**Tabhair faoi deara go n-iarrfar ort do rogha ionaid a thabhairt nuair atá tú ag comhlíonadh do Cheistneoir Measúnaithe ar líne (ní ar d'fhoirm iarratais). Féach Alt 6**

Tá sé beartaithe painéil réigiúnacha a bhunú mar atá leagtha amach sa tábla thíos as ar féidir folúntais a líonadh, má tharlaíonn siad.

Ní féidir leat ach Contae AMHÁIN a roghnú ó na háiteanna a thugtar. Ní chuirfear thú faoi mheas d'fholúntais ach amháin don chathair/baile sa chontae a roghnaigh tú.

Má thairgtear post duit ó do rogha contae (má ghlacann tú leis nó nach nglacann), de ghnáth ní chuirfear thú faoi mheas do phost ar bith eile.

<b>ROGHA ÁITEANNA</b>	
Ceatharlach	Longfort
An Cabhán	Lú
An Clár	An Mhí
Corcaigh	Muineachán
Dún na nGall	Maigh Eo
Baile Átha Cliath	Uíbh Fhailí
Gaillimh	Ros Comáin
Ciarraí	Sligeach
Cill Dara	Tiobraid Árann
Cill Chainnigh	Port Láirge
Co Laoise	An Iarmhí
Liatroim	Loch Garman
Luimneach	Cill Mhanntáin

Níor chóir duit ach ionad a roghnú a bhfuil tú sásta post a ghlacadh ann. Chomh luath agus a chuireann tú do rogha isteach ní bheidh cead athruithe a dhéanamh.

#### **TÁBHACHTACH**

**Má éiríonn leat go dtí an staid dheiridh den phróiseas roghnaithe agus go dtairgtear post duit, ní mór duit a bheith ar fáil le glacadh leis an phost. Mura bhfuil tú ar fáil, is féidir nach bpléifear le d'iarratas a thuilleadh.**

Téarma gairid atá i gceist don chuid is mó d'iarratais agus is féidir go mbeidh sé riachtanach iad a líonadh láithreach. Dá bhrí sin, murar féidir teagmháil a dhéanamh leat, rachaidh PAS ar aghaidh láithreach chuig an chéad iarrthóir eile atá ar fáil.

I gcás iarrthóirí gur mian leo go gcuirfí faoi mheas iad do phoist de réir mar a tharlaíonn siad (cé acu am ar bith le linn don fheachtas seo a bheith beo, nó má léiríonn siad gur mhaith leo go gcuirfí faoi mheas iad do phoist le linn an tsamhraidh amháin), **ní mór dóibh** a bheith ar fáil do thréimhse iomlán an chonartha. Is féidir go gcuirfeadh pleananna chun saoire a shíneadh, cur isteach ar cheapachán a thabharfaí. Ní mór d'iarrthóirí a deir go bhfuil siad ar fáil idir 'Aibreán agus Meán Fómhair' a bheith ar fáil don thréimhse sin ar fad.

Mura bhfuil tú ar fáil don phost, níor chóir duit glacadh le le cuireadh chuig agallamh.

Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil ábalta teacht chuig agallamh mar a cuireadh in iúl dóibh, am agallamh eile a lorg. Ní cheadófar ach iarratas amháin ar dháta agallamh a athrú, agus beidh sin ag brath ar staideanna eile den phróiseas roghnaithe a bheith ar siúl ina rogha ceantair.

### **Teistiméireachtaí**

Má thugtar cuireadh duit chuig agallamh, ba chóir duit teistiméireacht ó iar-fhostóirí (bunchóip agus cóip), a thabhairt leat más féidir. Ba chóir gur ó d'fhostóir is déanaí an teistiméireacht(aí). Mura bhfuil taithí oibre agat, is féidir go nglacfaí le teistiméireacht ó scoil/ollscoil. Ba chóir go léireodh na teistiméireachtaí eolas le déanaí a thabhairt faoi d'obair agus d'iompar san ionad oibre. Ní leor ráiteas faoi fhostaíocht agus **ní ghlacfar leis** mar theistiméireacht ó fhostóir.

Má d'oibrigh tú cheana mar TCO i roinn sa státseirbhís nó i ngníomhaireacht Stáit le cúig bliana, ní mór duit teistiméireacht a sholáthar don thréimhse seo fosta.

Ba chóir go mbeadh teistiméireachtaí clóbhuailte ar pháipéar ceanteidil (más ann), dáta a bheith air agus é sínithe. Ní ghlacfar le teistiméireachtaí atá scríofa de lámh. Is faoin iarrthóir a chinntiú go bhfaigheann siad teistiméireacht(aí) mar atá riachtanach.

## **4. RIACHTANAS IONTRÁLA AGUS CÁILITHEACHTA**

Ní mór d'iarrthóirí:

- (a) taithí oibre ábhartha agus de rogha i réimse seirbhís do chustaiméirí agus;
- (b) Scileanna cuí TEC m.sh. cumas ar Word, Excel, ríomhphost srl agus
- (c) eolas ábhartha agus scileanna chun dualgais an phoist a chomhlíonadh, lena n-áirítear an cumas:
  - treoracha a ghlacadh / treorach a leanúint;
  - an obair a eagrú agus tosaíocht a thabhairt go héifeachtach;
  - oibriú go maith leis an phobal agus le comhghleacaithe;
  - a bheith solúbtha ó thaobh oibre de;
  - a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh go soiléir agus go gonta agus
- (d) na riachtanais a chomhlíonadh maidir le haois, náisiúntacht, sláinte agus dea-cháil.
  - A bheith 16 bliana d'aois (i.e. caithfidh gur rugadh é/í roimh **16 Feabhra 2002**)

### **• Riachtanais Náisiúntachta**

Ní mór d'iarrthóir a bheith ina náisiúnach de Stát in Aontas Eacnamaíochta na hEorpa (EEA). Is iad tíortha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE. Is féidir le saoránaigh ón Eilvéis iarratas a dhéanamh fosta faoi comhaontú an AE. Ní bheidh cead acu siúd nach saoránaigh de chuid na mballstát CEE iad iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas.

#### • **Sláinte & Dea-cháil**

Ní mór sláinte mhaith a bheith ag iarrthóirí, a bheith in ann an obair a thugtar dóibh a dhéanamh agus ní mór dea-cháil a bheith orthu. Beidh ar dhaoine atá á meas don phost deimhniú sláinte agus carachtair a shíniú. Lorgófar teistiméireachtaí. Tá imréiteach slándála speisialta ag teastáil do phoist áirithe agus ní mór foirm a chomhlíonadh chun go scrúdóidh na Gardaí é. Sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa, is féidir nach gcuirfí iarrthóirí faoi mheas do phoist áirithe.

Ní mór d'iarrthóirí aon fhostaíocht a bhí acu sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí a lua, má ghlac siad le scéim dheonach iomarcaíochta nó scoir ar bith agus/nó an bhfuil siad ag fáil pinsin scoir de bharr droch-shláinte. Mura ndéantar é sin, d'fhéadfaí pionós a chur i bhfeidhm.

### **Srianta ar Cháilitheacht**

#### **Comhaontú: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí.**

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe den 28 Meitheamh 2012 chuig Oifig Phearsanra, isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an chomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríochnaigh an fhostaíocht. Beidh ar dhaoine a ghlac leis an scéim seo agus a d'éireodh leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

#### **Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER):**

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le daoine ar scor iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht céanna nó sa rannán céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an phost seo.

#### **An Roinn Sláinte agus Leanáí Ciorclán (7/2010):**

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2000 den 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírthe Luathscoir Dheonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Tá sé mar choinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a ghlacann an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar ath-fhostaíocht i bhfeidhm faoi VRS ach go maireann an tréimhse coiscthe 7 mbliana. Nil duine ar bith a ghlac páirt i VER i dteideal iarratas a dhéanamh ar an chomórtas. Beidh ar dhaoine a ghlac scéim VER agus a d'éireodh leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

#### **(Litir LG/P 05/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil**

Chuir an Litir LG/P ón Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí den 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thuas, is coinníoll den Scéim VER sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe leis an Phobal 2009-2011 agus in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile)] ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo.

Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhun conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

**Dearbhú:**

Ní mór d'iarthóirí a dheimhniú má ghlac siad scéim luathscoir dhreasaithe na seirbhíse poiblí. Beidh ar iarratasóirí fosta aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhu agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

## 5. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

- Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne tríd [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie).
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí “Cuntas Úsáideora” ar [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) a bheith acu. Mura bhfuil sé déanta cheana ní mór duit clárú mar “**Úsáideoir Nua**” chun do phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua).
- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, ná cruthaigh an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.
- Bí ar d'aire nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá próifíl cruthaithe agat ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach.

### **Ceisteanna maidir le hAinm Úsáideora / Pasfhocal**

Má tá dearmad déanta agat ar d'Ainm Úsáideora nó ar do Phasfhocal cliceáil ar an nasc seo: <https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetail.do>

### **Conas teagmháil a dhéanamh le PAS?**

*Má tá deacracht agat fós le ‘Ainm Úsáideora’ nó ‘Pasfhocal’ cuir ríomhphost chuig [tco2017@publicjobs.ie](mailto:tco2017@publicjobs.ie) ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do sonraí teagmhála, uimhir theileafóin san áireamh chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.*

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige amháin go dtí an dáta dúnta.

- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. Ní ghlacfar le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh PAS eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí.
- *Ainm Úsáideora agus Pasfhocal*  
Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do Bhord Teachtaireachtaí.
- Moltar go láidir duit gan an seoladh ríomhphoist nó uimhir an teileafóin póca a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtairacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir theileafóin a tugadh ar dtús (féach ar alt Bord Teachtaireachtaí Publicjobs thíos).
- *Cumarsáid*  
**Déanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais don chuid is mó ar líne. Beidh Pas i dteagmháil leat don chuid is mó trí bhord teachtaireachtaí publicjobs Ní mór don iarrthóir súil a choinneáil go rialta ar a mbord teachtaireachtaí mar uaireanta téann fógraí ríomhphoist agus nuashonruithe isteach i gcomhaid Dramhaíola/Spam (nó Promotions i gcás gmail), Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.**
- Tá sé de dhualgas ar gach iarrthóir a chinntiú go mbeidh siad ar fáil ar na dátaí a shonraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí má fhaigheann siad cuireadh chuig tástálacha agus /nó agallaimh agus go gcinntíonn siad go bhfaighidh siad an comhfhreagrú a chuireann PAS chucu.

- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarratasóir.

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh ba chóir d'iarrthóirí dul chuig [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) agus faigh an fógra don phost mar Oifigeach Cléireachais Sealadach (TCO) 2018. Clliceáil ar 'Déan Iarratas ar Phost' agus tógfar thú chuig an fhoirm iarratais agus ní mór duit í a líonadh go hiomlán agus a chur isteach.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach moltar duit filleadh ar do chuntas Poist Phoiblí agus a chinntiú go bhfuil sé curtha faoi bhráid tríd 'M'Iarratais'. Ag an staid seo ba chóir duit [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfead cosc ar ríomhphost ó [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie).

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear faoi bhráid i gceart san fheachtas. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.

**Glacfar le foirmeacha iarratais go dtí an dáta:**

**3:00i.n. ar an Luan 5 Feabhra 2018**

Moltar duit iarratas a dhéanamh tamall maith roimh an dáta dúnta ar eagla go mbeadh aon deacracht agat.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá an iarratais, cuir ríomhphost chuig [tco2017@publicjobs.ie](mailto:tco2017@publicjobs.ie) ba chóir d'iarrthóir a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

Go luath amháin tar éis an dáta dúnta, gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh nasc chuig do Cheistneoir Measúnaithe. Beidh ort seo a chomhlíonadh agus a chur ar ais taobh istigh den am a cheadaítear. Tá na sonraí ar fad in alt 6 thíos.

### **6. PRÓISEAS ROGHNAITHE**

Is féidir go n-úsáidfear ceann amháin nó níos mó de na modhanna seo thíos leis na hiarrthóirí a n-éiríonn leo a roghnú do na poist:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlíonadh;
- Triail(acha) agus/nó cleachtaidh measúnaithe;
- Agallamh/agalla(i)mh ar an teileafón

Sula moltar aon duine do cheapachán, déanfar gach fiosrúchán a cheaptar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú.

Faoi mar atá sonraithe, is féidir go mbeidh cúpla staid i gceist sa phróiseas roghnaithe. Beidh Ceistneoir Measúnaithe ar líne i gceist i Staid 1 mar a shonraítear thíos.



IS FÉIDIR LE HIARRTHÓIRÍ ACH IARRATAS AMHÁIN A DHÉANAMH. NÍ FÉIDIR LE HIARRTHÓIR AON GHNÉ DEN PHRÓISEAS ROGHNAITHE A DHÉANAMH NÍOS MÓ NÁ UAIR AMHÁIN LE LINN AN FHEACHTAIS.

### **CÉIM 1 - CEISTNEOIR MEASÚNAITHE AR LÍNE**

Beidh Ceistneoir Measúnaithe ar líne i gceist maidir le Staid 1 den phróiseas roghnaithe.

Déanfar teagmháil le hiarrthóirí tríd a mBord Teachtaireachtaí ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) roimh an **8 Feabhra 2018**. Sa ríomhphost seo beidh nasc ar leith chuig do Cheistneoir Measúnaithe ar líne, chomh maith le treoracha.

#### **Dáta chun an Ceistneoir a Chomhlíonadh**

Is fút féin a chinntiú go gcomhlíonann tú an Ceistneoir roimh

**12 meán Iae ar an Mháirt 13 Márta 2018**

Tógfaidh sé timpeall 90 nóiméad an Ceistneoir Measúnaithe ar Líne a chomhlíonadh.

Mura bhfaigheann tú an nasc don Cheistneoir Measúnaithe roimh 3i.n. ar an Déardaoin 8 Feabhra déan teagmháil linn ag [tco2018@publicjobs.ie](mailto:tco2018@publicjobs.ie)

### **An Ceistneoir Measúnaithe a Dhéanamh**

Is féidir leat na trialacha a dhéanamh i do rogha ionad in áit ina bhfuil ríomhaire ar fáil agus ceangal idirlín maith.

Ní mór duit a bheith dírithe ar fad ar an Cheistneoir Measúnaithe agus dá bhrí sin moltar duit an Ceistneoir a dhéanamh in áit chiúin nach gcuirfear isteach ort.

Moltar duit an Ceistneoir a dhéanamh ar PC nó ar ríomhaire glúine agus luch a bhfuil taithí agat air a úsáid. Ná déan gan iarracht an Ceistneoir a dhéanamh ar smart phone, ar fón póca nó ar thábléad.

Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tú ag déanamh an Cheistneora seo ar ghréasán TE slán m.sh. gréasán i d'áit oibre nó i do choláiste gur féidir go bhfuil balla dóiteáin nó teicneolaíocht slándála eile i bhfeidhm a d'fhéadfadh deacrachtaí teicniúla a chruthú duit. I gcás dá leithéid, ní bheidh PAS (nó aon chomhlacht nó soláthraí seirbhíse ag feidhmiú ar son PAS) faoi dhliteanas.

Sula dtosaíonn tú, tabhair faoi deara:

- bí cinnte go bhfuil do sheoladh ríomhphoist féin agat agus go bhfuil d'uimhir PSP in aice leat.
- Ní mór d'iarrthóirí an Ceistneoir Measúnaithe a dhéanamh iad féin; deimhneofar na freagraí má chuirtear an t-iarrthóir faoi mheas. Is féidir go lorgófar fianaise i ndoiciméad le freagraí áirithe a dheimhniú.
- Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas - féach Aguisín 1 "Eolas Tábhachtach".

Mura gcomhlíonann iarrthóirí agus mura gcuireann siad isteach an Ceistneoir roimh an dáta dúnta, ní thabharfar aon aird ar a n-iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais nó Ceistneoirí atá déanach. Ní mór don iarrthóir a chinntiú go bhfuil siad in áit cheart/ go bhfuil fearas cuí acu chun an Ceistneoir a chur isteach.

Tabharfar ord fiúntais d'iarrthóirí a bheidh bunaithe ar thorthaí an Cheistneoir Measúnaithe (laistigh dá n-ionad tofa) agus tabharfar cuireadh dóibh chuig an chéad staid eile de réir a n-oird fiúntais.

Cuirfear sonraí faoi na staideanna eile den phróiseas roghnaithe chuig na hiarrthóirí a bhfuil cuireadh chun tosaigh á thabhairt dóibh.

### **7. Na Príomh-Choinníollacha Seirbhíse**

(Tabhair faoi deara go mbaineann na téarmaí thíos leis an phost mar oifigeach cléireachais sealadach sa státseirbhís agus gur féidir go mbeadh difríochtaí i gceist ag brath ar an eagraíocht/gníomhaireacht ina gcuirí tú ag obair. Níl i gceist anseo ach moltaí). Beidh conarthaí fostaíochta ar fáil nuair a thabharfar na poist).

**Pá** €442.84

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint nach féidir an tuarastal a phlé agus gur féidir go n-athrófaí an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

### **Saoire Bhliantúil**

Tá an tsaoire bhliantúil ag brath ar líon na n-uaireanta a chomhlíontar.

### **Tionacht**

Sannfar poist ar bhonn sealadach. Is féidir go mbeidh difríocht idir fhad agus thréimhse na gconarthaí ó phost go post. Níl duine i dteideal do phost buan.

### **Uaireanta Freastail**

Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú ná 43 uair agus 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine do phoist lánaimseartha.

### **Dualgais**

Ní mór duit cibé dualgais a shanntar duit ó am go chéile, agus atá oiriúnach do phost an Oifigigh Chléireachais shealadaigh, a chomhlíonadh.

### **Fostaíocht Sheachtrach**

Post lánaimseartha atá ann agus ní bheidh cead agat gabháil do chleachtas príobháideach nó níl sé ceadmhach baint a bheith agat le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar do dhualgas oifigiúil a chomhlíonadh.

### **Ceanncheathrú**

Beidh ceanncheathrú an té a cheapfar lonnaithe de réir mar a ainmneoidh Ceannasaí na hOifige / na hEagraíochta ó am go ham. Nuair a bhítear ar dualgas, agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar costais chuí taistil agus liúntais chothaithe le hoifigeach de réir na ngnáth-rialacha.

### **Saoire Bhreiteachta**

Sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhuan-neamhábaltacht seirbhíse, féadfar pá iomlán a íoc le linn saoire breiteachta atá deimhnithe i gceart ar bhonn pro-rata, de réir na bhforálacha atá sna ciorcláin lena mbaineann.

Ní mór don té a cheapfar mandáid a shíniú, mandáid a thugann cead don Roinn Coimirce Sóisialaí cibé sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Sóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn nó Eagraíocht Fostaithe agus beidh cibé íocaíochtaí a dhéanfar le linn breiteachta faoi réir ag an gcoinníoll go gcuireann an t-oifigeach na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama cuí.

### **Aoisliúntas**

Tabharfar na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca le haoisliúntas atá i bhfeidhm ag an am sa Státseirbhís nuair a dhéantar an ceapachán, don té a cheapfar. Go ginearálta agus seachas iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí na scéime neamh-shingil) seirbhíse poiblí sna 26 seachtaine roimh cheapachán (féach thíos), ciallaíonn seo tairiscint ar cheapachán bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Shingil Seirbhíse Poiblí (“Scéim Shingil”). Pléitear le státseirbhísigh in alt 13 den Acht.

## **8. Cearta na nIarrthóirí - Gnásanna Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnaithe:**

Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha na gCód Cleachtas atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is féidir na nósanna imeachta seo a fháil ar an nasc seo: <http://www.cpsa.ie>

### **Oibleagáidí na nIarrthóirí**

Níl sé ceadmhach:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- do dhuine iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil ionracas fíor-thábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón chomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid de na trialacha /ábhair mheasúnaithe (aon téacs san áireamh agus nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach (lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta) a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an phróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má sé/sí chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirí an dlí agus / nó agra dlí air/uirthi as cailleanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.

## **9. Ginearálta**

### **Critéir ar leith an iarrthóra**

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas dualgais an phoist a chomhlíonadh
- A bheith fóirsteanach ó thaobh dea-cháil de.
- A bheith fóirsteanach don cheapachán ar gach slí;

Má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

- Go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh
- Go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán, dualgais an phoist.

Bí ar an eolas i gcás poist áirithe go gcaithfidh iarrthóirí a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.

### **Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**

Ní chuirfear faoi mheas níos mó, iarrthóirí nach gcomhlíonann nó nach gcuireann an Ceistneoir Measúnaithe ar Líne isteach roimh an dáta a shonraítear; nó nach bhfreastalaíonn ar aon staid den phróiseas roghnaithe nó nach dtugann aon fhianaise a lorgaítear maidir le haon ghné dá n-iarrthóireacht.

### **Costais**

Beidh iarrthóirí freagrach as aon chostas a tharlaíonn maidir lena n-iarrthóireacht.

### **Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí**

Tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraidimid ort an t-ábhar a chur faoi bhráid an aonaid nó an chomhalta foirne i gceist. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil muid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir gníomhú chun an scéal a leigheas.

### **Tábhacht Rúndachta**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Is féidir le hiarrthóirí a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné den phróiseas a bhainistíonn PAS le hardrúndacht de réir fhorálacha an Achta an Shaoráil Faisnéise 1997 & 2014. Ba chóir d'iarrthóirí áfach a thuiscint gur féidir go dtabharfaí gach ábhar iarratais don údarás fostaithe.

### **Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003**

Nuair a thagann d'fhoirm iarratais isteach cruthaítear cuntas ríomhaire faoi d'ainm, ina mbeidh go leor den eolas pearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an cuntas pearsanta seo ach amháin le d'iarratas a phróiseáil agus má éiríonn leat cuirfead roinnt eolais a sholáthair tú ar aghaidh chuig an eagraíocht fostaíochta. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí is féidir go mbeidh sé riachtanach solas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Coinnítear eolas dá leithéid ar ríomhaire faoi réir na gceart agus na ndualgas a leagtar síos sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Más mian leat iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig: **An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1** agus cinntigh go ndéanann tú cur síos cuimsitheach ar na cuntais a theastaíonn uait chun gur féidir linn an cuntas cuí a aimsiú. Ní mór €6.35 a chur le d'iarratas. Ba chóir íocaíocht a dhéanamh trí dhréacht bainc, ordú airgid, nó seic pearsanta, don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar bith faoi leith, as cuntais ar chúiseanna ginearálta staitistiúla.

### **Dícháileofar iarrthóirí de bharr canbhasála**

# Aguisín 1

## EOLAS TÁBHACHTACH Téarmaí agus Coinníollacha

*Dírítear d'aire air seo. Má lorgaíonn tú nó má dhéanann tú iarracht ábhar measúnaithe / trialach a lorg, aontaíonn tú go nglacann tú leis na téarmaí atá leaghta amach.*

1. Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid de na trialacha /ábhair mheasúnaithe (aon téacs san áireamh agus nó roghnanna a dhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach ( lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta) a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadú, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an phróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, cé acu an iarrthóir nó duine eile é/í, nó a chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus / nó agra dlí air/uirthe as cailteanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.
2. Dírítear d'aire ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Féach go háirithe ar an nóta i Rannóg 5 - Dualgais na nIarrthóirí (féach thíos).

### Canbhasáil

Ba chóir fios a bheith ag iarrthóirí go ndícháileofar agus go mbainfear as an phróiseas ceapacháin canbhasáil a dhéanamh nó iarraidh ar dhaoine canbhasáil ar a son.

### Dualgais na nIarrthóirí:

Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

### Pionós sa chás nach gcomhlíontar na forálacha

Duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá sé/sí ciontach i gcion. Dílfear fineáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine a gheobhfar ciontach i gcion.

I gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- Sa chás gur ceapadh é/í de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

3. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.